Focal íd' Chluais.

mfg meitheal mhúscraí

A word in your ear. Eanair'09.

An Tarrtháil.

Tá an fíorscéal seo tógtha ón mbeathaisnéis a scríobh Michael Smith faoi Tom Crean, an taiscéalaí Antartach. Ar an 4ú lá de mhí Eanáir 1912 thosnaigh páirtí le triúr fear – Crean, Lashly agus Evans ar thuras fíor-dheacair tríd an Mol Theas a bhí 750 míle ar fhad. Ach 35 míle ón mbun-champa thit tubaiste amach, d'éirigh Evans tinn. Bhí ar Crean an chuid eile den turas a dhéanamh ina aonar. Bhí an triúr acu ag súil le teacht slán as ag braith ar Crean.

Thóg Crean an chinne ba chróga dá shaol chun an siúlóid aonarach go dtí Hut Point a bhaint amach. Dúirt Lashly go ndéanfadh sé é ach dúirt Crean leis fanúint agus aire a thabhairt do Evans a bhí ana lag. Líon Lashly pócaí Crean leis an bia a bhí fágtha acu. Sar a d'fhág sé chuir Crean a cheann isteach sa phuball chun slán a rá lena bheirt comrádaí. D'fhéach siad ar an Éireannach misniúil ag iarraidh siúl tríd an sneachta domhain ag tosnú ar thuras uaigneach. Bhí Crean fuar, bhí tart air, bhí ocras air agus bhí sé leata agus tréachta nuair a thosnaigh sé ar a shlí. Bhí an turas an-dhainséarach. Thit sé tríd an sneachta bog go minic agus bhí eagla air go rachaidh sé síos tríd creabhás. Bhí an gaoth ag séideadh an sneachta agus bhí Crean ag éirí dall. Bhí sé ar nós ráth sneachta ós a chomhair amach. Sleamhnaigh sé ar an leac oighear go minic mar bhí sé an-tuirseach. Bhí sé ag déanamh a shlí go mall síos an sliabh go dtí an bhothán nuair d'éirigh an gaoth níos láidre.

Bhí an t-ádh leis mar chonaic sé i bhfad uaidh madraí agus carr sleamhnáin ar an mhuir-oighear. Ar chuma éigin fuar sé neart chun an campa a shroichint. Sa deireadh thiar thit sé isteach sa bhothán, thit sé ar a ghlúine mar bhí sé traochta agus beagnach rámhailleach leis an ocras. Taobh istigh fuair sé fear Rúiseach darbh ainm Dimitri a bhí i gceannas ar na madraí agus Atkinson, an t-aon dochtúir a bhí laistigh de 400 míle de Hut Point. Scread sé amach an droch scéal faoi a bheirt comrádaí agus ansin thit sé ar an dtalamh. Láithreach chuaigh lucht tarrthála chun Lashly agus Evans a fháil. Bhí Lashly cliste mar chuir sé sean phíosa éadaigh ag chrochadh ar phíosa bambú fada ionas go mbeadh sé sofheicthe san mharc Bacainne ollmhór. Bhí an beirt fhear mídhócasach go sábhálfaí iad. Go tobann chuala siad madraí Atkinson agus iad ag rith i dtreo doras an phubaill. Chuir madra amháin a ceann isteach sa phuball agus chuimil sé a theanga le aghaidh agus lámha Evans. Rug Evans ar cluasa an madra agus chuir sé a aghaidh le aghaidh an mhadra le háthas. Thosaigh an beirt fhear ag gáire gan stad. Ní raibh aon gá bheith amhrasach faoi mhisneach an Éireannaigh. Ba chúis mór áthas dóibh é mar bhí sé deacair ortha a creidiúint go rabhadar slán sábháilte.

Cois Cille agus Cuan Barra ag Ath-oscailt.

An bhfuil dea-rúin ag teastáil uait don Ath-bhliain? B'fhéidir cuairt ar an ionad lae áitiúil más é Cois Cille i gCill na Martra nó Cuan Barra i mBéal Átha'n Ghaorthaidh do bhéile agus comhrá. Is féidir taisteal a eagrú chun tú a phiocadh suas ón doras agus tú a thabhairt abhaile arís sábháilte. Tuilleadh eolais ó 026-45661.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Séanadh: Tógaimid an-aire taighde chun an t-eolas atá cláite anseo a fhiorú. Táimid conách cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. Sé an spriocatá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Ní bhíonn airgead amadáin i bhfad ina phóca.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil anois ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Reflexology do na cosa & lámha 086 8769500.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Cuir glaoch ar Siobhán/Lucy 087 1378099.
Cosliacht, 2ú Feabhra le coinne.
An Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00.
Cártaí gach Déardaoin ag 9.00 a chlog.
Fáilte roimh cách.

Cleas Inchinne.

Tá 15 préacháin ar claí agus leagann feirmeoir aon trian díobh, cé mhéid atá fágtha?

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Aoi Speisialta: **Mick Lehane Seanachaoi.**
Déardaoin 15ú Eanáir 2.30-5.00in.Tá taisteal ar fáil, chuir glaoch go luath. 026 – 45661.

An Cailín Bainne agus a Buicéad.

Bhí Patty an Cailín Bainne ag dul go dtí an margadh lena buicéad ar a ceann. Ar an slí bhí sí ag smaoineamh ar cad a dhéanfadh sí leis an airgead ón mbainne. "Táim chun éanlaith a cheannach ón bhfeirmeoir De Brún" a dúirt sí, "beidh uibheacha againn gach maidin, díolfaidh mé iad le bean an bháicéara. Leis an airgead ós na huibheacha táim chun gúna agus hata a cheannach; agus nuair a rachaidh mé go dtí an margadh beidh na buachaillí deasa go léir ag caint liom!" "Beidh Molly Ó Murchú chomh éadmhar san; ach is cuma liom. Féachfaidh mé uirthi agus casfaidh mé mo cheann mar seo." Nuair a labhair sí chas sí a ceann siar, thit an buicéad agus bhí an bainne go léir doirte. Bhí uirthi dul abhaile agus an scéal a insint dá máthair. "Mo leanbh," a dúirt a máthair.....

Ní cheart do shicíní a comhaireamh sula ngorann siad.

Piscíní.

Tá dhá piscíní ag faire amach do bhaile. Fón 42756 do tuilleadh eolas.

Ní Thagann Ciall roimh aois

Dúcheist Tapaidh.

Sa dúcheist seo caithfidh tú na seacht caora a aonrú le trí líne. Molaim peann luaithe agus rubar a úsáid mar tógfaidh sé cúpla iarracht chun é a dhéanamh. Go n-éirí leat!!!!!



Na 5 Dea-rúin is Coitianta.

1. Meáchan a chailliúint agus cumas fisiceach níos fearr a bhaint amach.
2. Cloí le buiséad.
3. Fiach a laghdú.
4. Bain taitneamh as níos mó am le do chlann agus do chairde.
5. "Soul mate" a aimsiú.

Béilí Blasta.

Mar scéim píolóta don chuid eile don gheimhreadh beidh Cois Cille agus Cuan Barra ag ullmhú béilí le tógaint amach cúig na tithe. Má tá suim agat béile te a fháil sa bhaile cuir glaoch ar an Ionad Áise ag 45661.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Muna mbeadh ach lasán amháin agat sa seomra leis an lampa, an téitheoir ceirisín agus an sorn adhmaid lasfá an lasán ar dtús.

Má thógann tú mo chéad litir, mo dhara litir agus mo litreacha go léir fanaim mar an gcéanna mar is fear an phoist mé.

Na trí lá atá tú in ann a ainmniú gan na focail Luan, Máirt, Céadaoin, Déardaoin, Aoine, Sathairn agus Domhnach a úsáid ná inné, inniu agus amárach nó Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá 'le Stiofán.